



TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

JCT4 Nuachtlitir

Fáilte

Chuig eagrán an Fómhair dár Nuachtlitir Theicneolaíocht Fheidhmeach JCT4. Tá súil againn ar fháil na nuachtlitreach seo go bhfuil tú féin agus do theaghlach slán sábháilte. I rith na bliana, leanfaidh foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCT4 ar aghaidh ag soláthar tacaí FGL do mhúinteoirí. Is féidir teacht ar thacaí FGL na bliana seo caite [anseo](#)

Seimineár gréasáin – Ag Ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1).

Tabharfaidh an seimineár gréasáin seo forbhreathnú ar na hamlínte do MRB 1 – ‘Córais rialaithe á gCur i bhFeidhm i gComhthéacs Áitiúil a fhiosrú’ Cuirfidimid agallamh ar mhúinteoirí faoin gcaoi a gcuireann siad deiseanna ar fáil dá gcuid scoláirí chun scileanna taighde agus meastóireachta a fhorbairt mar ullmhúchán dá rannpháirtíocht le MRB 1. Chun clárú don seimineár gréasáin seo, cliceáil [anseo](#)

Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais'

Mar is eol duit, d'fhoilsigh an ROS 'Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais' le déanaí. D'fhorbair foireann JCT4 acmhainn a thaispeánann roinnt de na treoirlínte a léirítear sa doiciméad seo. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina háis amhairc thairbheach do scoláirí agus do mhúinteoirí i ngach ceann de na hábhair Theicneolaíochta, lena n-áirítear Teicneolaíocht Fheidhmeach. Is féidir breathnú ar an acmhainn seo agus ar dhóiciméad treorach an rialtais faoin gceannnteideal Teagasc agus Foghlaim, Tacaí don Seomra Ranga sa rannóg '[Acmhainní](#)' de rannán na dTeicneolaíochtaí ar [www.jct.ie](#)



Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc

De bharr na srianta mar gheall ar Chóivid-19, an cur isteach ar oscailtí scoile ag tús na scoilbhliana 2020/2021, agus na scoileanna a bheith dúnta ar feadh tréimhse fhada ó Mhárta 2020, rud a ba chúis le caillteanas suntasach in am teagmhála ranga, níl SSM in ann ceardlanna FGL aghaidh ar aghaidh a thabhairt don dara hábhar teagaisc i rith na tréimhse Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2020 i mbliana. Tá ár gceardlanna Theicneolaíocht Fheidhmeach 2019/2020 athdhéanta anois

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.



Acmhainní don Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil

Chruthaigh foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCT4 acmhainní chun cabhrú le scoláirí agus le múinteoirí atá ag fillleadh ar scoil agus nósanna imeachta CHÓIVID-19 i bhfeidhm. Tá na '[Acmhainní don Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil](#)' deartha chun ailiniú le sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí agus lena torthaí foghlama. Arna forbairt ar fud na dtí shnáithe, tá eispéiris foghlama chumaiscthe fhéideartha le fáil san acmhainn seo is féidir le scoláirí na teicneolaíochta feidhmí a dhéanamh sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Is féidir teacht ar na hacmhainní seo ar [www.jct.ie](#) [anseo](#)

#JCT4Tuesdays

Tá cártaí acmhainne digiteacha á bhforbairt againn faoi láthair a bhfuil sé mar aidhm acu cur chuige cumaiscthe a chur chun cinn maidir le teagasc agus le foghlaim i seomra ranga na Teicneolaíochta Feidhmí. Déanfar na hacmhainní seachtainiúla seo a óstáil ar ár láithreán gréasáin faoi Acmhainní sa rannóg Teicneolaíochtaí de [www.jct.ie](#) agus eiseofar iad gach Máirt trínár gcuntas Twitter @JCT4ed leis an haischlib #JCT4Tuesdays. Mura bhfuil tú féin nó do chomhghleacaithe ar Twitter, is féidir ár bhfotha Twitter a fheiceáil tríd an rannóg Nuacht / Imeachtaí Teicneolaíochtaí de [www.jct.ie](#)

Eagrán 6

ina gceithre fhísghabháil scáileáin chun go mbeadh siad oiriúnach do rannpháirtíocht ar líne. Le haghaidh tuilleadh eolais agus chun féachaint ar na hábhair seo cliceáil [anseo](#).

Pleanálaí Digiteach Excel Theicneolaíocht Fheidhmeach

JCt4

D'fhorbair foireann Theicneolaíocht Feidhmeach JCt4 an 'Pleanálaí Digiteach Excel', a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí agus iad ag pleanáil sa Theicneolaíocht Fheidhmeach

Tá roinnt gnéithe nua spreagúla ag an bpleanálaí seo lena n-áirítear roghchláir anuas chun torthaí foghlama a roghnú agus an cumas chun rannpháirtíocht scoláirí le torthaí foghlama a rianú thar thrí bliana.

Tabhair cuairt ar an [rannóg phleanála](#) dár láithreán gréasáin chun rochtain a fháil ar an acmhainn seo. Rinneadh athchóiriú ar leagan amach ár láithreán ghréasáin freisin a ligeann duit teacht níos fusa ar ár dtacaí agus ar ár n-acmhainní go léir



Sa nuacht

Stad bus, an fronta is nua i gcath na Cóiré Theas in aghaidh CHÓIVID-19

Sa chath in aghaidh an Choróinvírís, d'oscail an Chóiré Theas scáthlám bus nua le doirse seiceála teochta agus lampaí díghalraithe ultraivialaite.



Suiteáladh deich n-áis ardforbartha i gceantar thoir thuaidh de Shúl, a thairgeann cosaint ó bháisteach mhonsúnach, teas an tsamhraidh, agus an rud is úire an Coróinvíreas.

Chun dul isteach, ní mór do phaisinéirí seasamh os comhair ceamara íomhána teirmeacha uathoibríthe, agus ní osclóidh an doras sleamhnáin ach amháin má tá a dteocht faoi bhun 37.5C. Tá ceamara ar leith suiteáilte níos ísle síos chun leanaí a thástáil. Laistigh de na bothanna le ballaí gloine, tá lampaí ultraivialaite suiteáilte sna córais aerchóirithe chun víris a mharú agus an t-aer a fhuarú ag an am céanna. Soláthraíonn dáileoir díghalrán lámh, agus moltar d'úsáideoirí maisc aghaidhe a chaitheamh i gcónaí, agus méadar amháin ar a laghad a choinneáil idir iad féin agus daoine eile. Le haghaidh tuilleadh eolais, cliceáil [anseo](#). (www.rte/news/news)

Trí úsáid a bhaint as an mír nuachta seo mar spreagadh le haghaidh plé d'fhéadfadh scoláirí tabhairt faoin bhfoghlaim a luaitear leis na torthaí foghlama seo: 1.6, 1.7, 2.1, 2.5, 2.8, 3.6, 3.8, 3.9.

Mar fhocal scoir, ba mhaith le foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 gach rath a ghuí oraibh don bhliain acadúil atá romhainn. Táimid ag súil le deis a fháil cabhrú libh i rith na bliana. Idir an dá linn, fanaigí slán sábháilte agus tugaigí aire daoibh féin.

Le dea-mhéin **Foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4**



'Hands On'



D'fhorbair foireann Theicneolaíochta JCt4 seinlinosta Podchraolta dar teideal 'Hands On' ar chainéal Podchraolta SSM, Cainteanna sa tSraith Shóisearach. Sa chéad cheann de na podchraoltaí seo #JCt4, i gcomhar le @JuniorCycleArts, cloistear an Sárdheileadóir adhmaid, Willie Creighton, ag labhairt faoina shaol agus amanna, a paisean dá cheird agus faoin gcaoi a bhfaigheann sé a inspioráid. Tá an podchraoladh seo ar fáil ar SoundCloud ag <https://soundcloud.com/user65250337/sets/jct4> nó ag aon soláthraí podchraolta. Fan i dtiúin le @JCt4ed agus féach ar an liosta seoltaí chun a chinntiú nach gcaillfidh tú aon cheann de na craoltaí spreagúla seo!

Fan suas chun dáta leis an bhfoireann Theicneolaíochta Fheidhmeach

Tabhair cuairt ar rannán na Teicneolaíochta Feidhmí ar www.jct.ie mar a bhfaighidh tú ár n-acmhainní agus ár n-ábhar go léir a úsáideadh le linn laethanta [FGL 2018/2019](#), [2019/2020](#) agus an t-ábhar ó na seimineáir ghréasáin. Tá acmhainní breise á bhforbairt agus déanfar iad a uaslódáil [anseo](#) in am trátha.

Bí ar ár liosta seoltaí [anseo](#) chun fanacht ar an eolas faoi gach ceann de na hábhair JCt4.

Lean muid ar twitter [@JCt4ed](#)